Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2020**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0048 (COD)**

**6800/20**
**ADD 1**

**EF 39**
**ECOFIN 188**
**CODEC 182**

**DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin do ghnó, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 agus Treoir (AE) 2019/1937<br>- Dréacht-Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle |

## I. RÉAMHRÁ

An 8 Márta 2018, ghlac an Coimisiún pacáiste beart chun Aontas na Margaí Caipitil a dhoimhniú, mar aon leis an Teachtaireacht "Aontas na Margaí Caipitil a chur i gCrích faoi 2019 – is mithid dlús a chur lena chur i bhfeidhm". Sa phacáiste sin áiríodh an dá thogra a leanas maidir leis an ngnáthnós imeachta reachtach:

- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Soláthraithe Eorpacha Seirbhísí Sluachistiúcháin (ESCPanna) do Ghnólachtaí; agus
- Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais.

Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasaimh ar an gcéad léamh ag seisiún iomlánach dá cuid ar an 27 Márta 2019.
Ó thaobh na Comhairle de, scrúdaigh an Mheitheal um Sheirbhísí Airgeadais an dá thogra le linn roinnt cruinnithe faoi Uachtaránachtaí éagsúla. D'eisigh Coiste na mBuanionadaithe sainordú chun comhaontú a chaibidil leis an bParlaimint maidir leis na tograí sin an 26 Meitheamh 2019. Thángthas ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa maidir le téacsanna comhréitigh don Rialachán agus don Treoir an 18 Nollaig 2019, faoi réir athbhreithniú teicniúil agus athbhreithniú dlítheangeolaíoch.

An 7 Bealtaine 2020 agus tar éis an t-athbhreithniú teicniúil a thabhairt chun críche, d'fhormheas Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta Pharlaimint na hEorpa na téacsanna comhréitigh. An 12 Bealtaine 2020, shínigh Cathaoirleach an Choiste sin litir chuig Uachtaránacht na Comhairle ina luaitear, dá nglacfadh an Chomhairle na téacsanna comhréitigh a ndearnadh athbhreithniú teicniúil orthu (lena n-áirítear aon athruithe is gá ó thaobh dlí agus teanga de) mholfadh sí do sheisiún iomlánach na parlaiminte gur cheart don Pharlaimint seasaimh na Comhairle a fhormheas ar an dara léamh gan aon leasú breise a dhéanamh orthu. Is é an éifeacht a bheadh leis sin go measfaí an dá ghníomh atá beartaithe a bheith glactha san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasaimh na Comhairle.
An 20 Bealtaine 2020, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú polaitiúil maidir leis na téacsanna comhréitigh a ndearnadh athbhreithniú teicniúil orthu.

Agus an comhaontú thuas á chur san áireamh aici agus tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a bheith déanta, ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh an 20 Iúil 2020, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach a leagtar síos in Airteagal 294 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## II. CUSPÓIR

Is réiteach teicneolaíochta airgeadais é an sluachistiú lena soláthraítear rochtain mhalartach ar airgeadas d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, go háirithe gnólachtaí nua-thionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis, chun fiontraíocht nuálach a thionscnamh san Aontas, agus ar an gcaoi sin, déantar Aontas na Margaí Caipitil a neartú. Mar thoradh air sin rannchuidítear le córas airgeadais níos éagsúlaithe agus ceann nach bhfuil ag brath chomh mór sin ar mhaoiniú ó na bainc agus dá bharr sin, cuirtear teorainn le rioscaí sistéamacha agus comhchruinnithe. I measc na sochar eile a bhaineann le fiontraíocht nuálach a chur chun cinn trí shluachistiú, tá saoradh caipitil reoite le haghaidh infheistíocht i dtionscadail nua agus nuálacha, luasghéarú leithdháileadh éifeachtúil na n-acmhainní agus éagsúlú sócmhainní.

Is é cuspóir an Rialacháin agus na Treorach aghaidh a thabhairt ar ilroinnt an chreata dlí is infheidhme maidir le seirbhísí sluachistiúcháin chun feidhmiú iomchuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus, san am céanna, cosaint d'infheisteoirí agus éifeachtúlacht an mhargaidh a fheabhsú, agus cuidiú le hAontas na Margaí Caipitil a bhunú.

## III. <u>ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH</u>

<u>(a) Cineál agus raon feidhme an Rialacháin</u>

Le seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, cruthaítear córas comhchuibhithe aonair a mbeidh feidhm aige maidir le gach soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin.

Níl feidhm ag an Rialachán maidir le húinéirí tionscadail ar tomhaltóirí iad, ná le tairiscintí sluachistiúcháin ar mó ná EUR 5 000 000 a gcomaoin thar thréimhse 12 mhí. Ina theannta sin, ar feadh tréimhse 24 mhí agus i gcás ina mbeidh tairseach na comaoine iomláine faoi bhun EUR 5 000 000 i mBallstát maidir le réamheolaire a fhoilsiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1129, ní bheidh feidhm ag an rialachán reatha sa Bhallstát sin ach maidir le tairiscintí sluachistiúcháin lena ngabhann comaoin iomlán nach mó ná méid na tairsí sin.

Déantar foráil sa Rialachán d'idirthréimhse go dtí 24 mhí tar éis a theacht i bhfeidhm, a bhféadfaidh soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin leanúint lena linn (mura ndeonófar údarú dóibh faoin Rialachán seo idir an dá linn nó go dtí go ndeonófar amhlaidh) i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme chun seirbhísí sluachistiúcháin a chuimsítear faoi raon feidhme an Rialacháin a chur ar fáil.

(b) Ceanglais eagraíochtúla agus oibríochtúla

Áirítear sa Rialachán roinnt beart chun infheisteoirí a chosaint, lena n-áirítear forálacha maidir le rialachas, measúnú riosca, ceanglais díchill chuí, méid na discréide a fhéadfaidh soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin a fheidhmiú agus bainistiú punainne aonair á thairiscint acu i ndáil le hiasachtaí, láimhseáil gearán, coinbhleachtaí leasa, seachfhoinsiú, seirbhísí chun sócmhainní cliant a choimeád slán agus seirbhísí íocaíochta, agus coimircí stuamachta.

(c) Údarú

Beidh údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát freagrach as údarú a thabhairt mar sholáthraí seirbhísí sluachistiúcháin faoin Rialachán. Déanfaidh na húdaráis inniúla a thugann údarú maoirseacht freisin ar an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin, agus beidh sé de chumhacht acu an t-údarú a tharraingt siar faoi choinníollacha sonraithe áirithe.

Coimeádfaidh ESMA (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) clár de sholáthraithe seirbhísí sluachistiúcháin, agus féadfaidh sé faisnéis a iarraidh freisin d'fhonn a áirithiú go dtabharfar údaruithe ar bhealach comhsheasmhach.

(d) Cosaint infheisteoirí

Cuirfidh soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin faisnéis atá cothrom, soiléir agus nach bhfuil míthreorach ar fáil do chliaint. Tá bearta sa Rialachán maidir le nochtadh an ráta mainneachtana, triail eolais iontrála agus ionsamhlú ar an gcumas caillteanas a sheasamh, tréimhse mhachnaimh réamhchonarthach, bileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí, cláir fógraí agus rochtain ar thaifid.

(c) Cumarsáidí margaíochta

Ba cheart cumarsáidí margaíochta a bheith inaitheanta go soiléir mar chumarsáid den sórt sin. Ní foláir don fhaisnéis atá iontu a bheith cothrom, soiléir agus ní bheidh sí míthreorach. Déanfaidh údaráis inniúla na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin náisiúnta is infheidhme maidir le cumarsáidí margaíochta a fhoilsiú agus a choinneáil cothrom le dáta ar a suíomhanna gréasáin.

(f) Údaráis inniúla agus ESMA

Leagtar amach sa Rialachán na híoschumhachtaí imscrúdaitheacha agus maoirseachta ba cheart a bheith ag na húdaráis inniúla. Ceanglaítear orthu comhoibriú le chéile agus le ESMA. Tá bearta ann maidir le rúndacht ghairmiúil agus cosaint sonraí.

(g) Pionóis riaracháin agus bearta riaracháin eile

Leagtar amach sa Rialachán pionóis agus bearta íosta maidir le sárú ar an Rialachán. Tá forálacha ann freisin maidir leis an gceart achomharc, cinntí a fhoilsiú, agus pionóis a gearradh a thuairisciú do ESMA.

(h) Athbhreithniú

Leis an Rialachán, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle laistigh de 36 mhí ón dáta a dtiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le ESMA agus ÚBE (Údarás Baincéireachta Eorpach) agus é i mbun an tuarascáil a ullmhú. Déanfar measúnú ar 26 ghné den Rialachán sa tuarascáil.

(i) Sceithireacht

Leis an Rialachán, leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais tríd an Rialachán seo a chur leis an iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin ina leagtar amach liosta de ghníomhartha Aontais arb ionann iad agus raon feidhme ábhartha na Treorach sin.

## IV. CONCLÚID

Léirítear le seasaimh na Comhairle ar an gcéad léamh i ndáil leis an Rialachán agus an Treoir an comhréiteach ar ar thángthas sa chaibidlíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

Creideann an Chomhairle gurb ionann a seasaimh ar an gcéad léamh agus pacáiste cothrom a chomhlíonfaidh, tráth a ghlactha, an cuspóir maidir le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a chur chun cinn ó thaobh seirbhísí sluachistiúcháin, cosaint infheisteoirí mar aon le héifeachtúlacht an mhargaidh a fheabhsú, agus rannchuidiú le hAontas na Margaí Caipitil a bhunú.